Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**10777/24**

**SOC 429**
**EMPL 247**
**MI 579**
**COMPET 621**
**ECOFIN 647**
**EDUC 200**
**SAN 323**
**ELARG 78**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Gné shóisialta an mhargaidh inmheánaigh<br>- *Díospóireacht bheartais* |

I bhfianaise na díospóireachta beartais a thionólfar sa Chomhairle (EPSCO) an 20 Meitheamh 2024, gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite.

**Gné shóisialta an mhargaidh inmheánaigh**

*Díospóireacht bheartais maidir leis an ról atá ag an margadh saothair agus ag beartais shóisialta i dtaca le Margadh Aonair inbhuanaithe a chruthú do chách*

I mí Aibreáin, chuir iar-Phríomh-Aire na hIodáile, Enrico Letta, ag gníomhú dó ar chuireadh ón Spáinn, ón mBeilg agus ón gCoimisiún Eorpach[1] mar thoradh ar an iarraidh ón gComhairle Eorpach, an tuarascáil uaidh dar teideal *Much more than a Market – Speed, Security, Solidarity – Empowering the Single Market to deliver a sustainable future and prosperity for all EU Citizens* [Margadh thar an gcoitiantacht - luas, Slándáil, Dlúthpháirtíocht - an Margaidh Aonair a chumasú chun todhchaí inbhuanaithe agus rathúnas a sholáthar do shaoránaigh uile an Aontais][2] faoi bhráid na Comhairle Eorpaí. Iarradh ansin ar uachtaránachtaí reatha agus inteachta na Comhairle an obair ar na moltaí sa tuarascáil sin a thabhairt ar aghaidh faoi dheireadh na bliana[3].

Is é is aidhm don tuarascáil an Margadh Aonair a athnuachan, agus na hathruithe ó cruthaíodh é agus na dúshláin atá roimhe á gcur san áireamh: ‘Breis agus tríocha bliain ó bunaíodh é, is bunchloch do lánpháirtiú agus luachanna na hEorpa é an Margadh Aonair, agus is é atá in ann an fás, an rathúnas agus an dlúthpháirtíocht a spreagadh go mór. Tá athrú suntasach tagtha ar chúrsaí idirnáisiúnta, áfach, agus is léir gur gá Margadh Aonair nua a bhunú.’ Iarrtar sa tuarascáil go gcuirfí borradh faoin Margadh Aonair láithreach chun é a chur in oiriúint don chomhthéacs reatha agus é a ullmhú don todhchaí.

[1] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-7-2023-INIT/ga/pdf.
[2] https://www.consilium.europa.eu/media/ny3j24sm/much-more-than-a-market-report-by-enrico-letta.pdf.
[3] https://www.consilium.europa.eu/media/m5jlwe0p/euco-conclusions-20240417-18-en.pdf.

**Idirnaisc na mbeartas**

Is gá an Margadh Aonair a threisiú, de réir na tuarascála, chun an t-aistriú cóir glas digiteach atá de dhíth ar an Aontas a bhaint amach, lena dtacófar le bonn eacnamaíoch agus sóisialta an Aontais: 'Cuspóir bunúsach faoi chuimsiú chreat straitéiseach an Aontais is ea tacaíocht ó thaobh struchtúir de a thabhairt don aistriú. Mar sin féin, ní hamháin gur cheart díriú sa phlé ar na costais a bhaineann leis an aistriú sin; is ríthábhachtach aitheantas a thabhairt do na tairbhí fairsinge a bhaineann leis an aistriú sin do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus d'oibrithe. Ní cinneadh airgeadais amháin é infheistíocht a dhéanamh san aistriú agus é a mhaoiniú; d'fhéadfá a mhaíomh gurb amhlaidh gurb é an rogha is straitéisí a d'fhéadfadh an tAontas a dhéanamh chun buntáiste suntasach iomaíochais ar an ardán domhanda a áirithiú, agus na caighdeáin shóisialta ar údar bróid don Eoraip iad á gcaomhnú agus a bhforbairt ag an am céanna.' Tá sin i gcomhréir le Dearbhú *La Hulpe* maidir le Todhchaí Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[4], ina leagtar béim ar Eoraip shóisialta a shaothrú 'darb aidhm dul chun cinn sóisialta agus eacnamaíocha a chruthú, comhdheiseanna a áirithiú do chách, poist ardcháilíochta agus dálaí oibre cothroma a áirithiú, bochtaineacht agus neamhionannais a laghdú agus aistriú cóir agus cothrom chuig an aeráidneodracht a chothú'.

Déantar tagairt sa tuarascáil, ar cheart féachaint uirthi i gcomhthéacs na tuarascála atá le teacht ó Mario Draghi maidir lena bhfuil i ndán don iomaíochas san Aontas; do shamhail uathúil an Aontais don gheilleagar sóisialta agus leagtar béim inti ar na hidirnaisc idir na beartais eacnamaíocha agus shóisialta: 'Cuireann gné shóisialta láidir i Margadh Aonair an Aontais rathúnas cuimsitheach chun cinn, lena n-áirithítear deiseanna córa, cearta oibrithe agus cosaint shóisialta do chách, agus lena gcuirtear leis an bhfás agus leis an iomaíochas ag an am céanna. Treisítear leis sin tiomantas an Aontais Eorpaigh don dlúthpháirtíocht, neamhionannais a laghdú agus dea-bhail na saoránach uile a chur chun cinn, i gcomhréir le luachanna Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ar mhaithe le hAontas comhtháite duinelárnach.' Leagadh béim ar an idirnasc sin sna conclúidí ata beartaithe maidir le ról an mhargaidh saothair, scileanna agus athchóirithe sóisialta agus infheistíochtaí le haghaidh geilleagair athléimneacha, conclúidí a n-iarrtar ar an gComhairle a fhormheas agus ina leagtar béim air go dtéann dea-bhail na ndaoine agus an fás eacnamaíoch chun tairbhe dá chéile.

[4] https://belgian-presidency.consilium.europa.eu/media/bj0adazv/declaration-finale.pdf.

**Moltaí**

Léirítear sa tuarascáil nach mór don Aontas maoiniú a áirithiú do na dúshláin atá amach romhainn, cuir i gcás an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, agus uathriail straitéiseach láidir, lena n-áirítear cosaint neartaithe, chun an Margadh Aonair a neartú. I ndáil leis an méid sin, cuireann sé roinnt moltaí sonracha chun cinn, lena n-áirítear 'an cúigiú saoirse' a bhunú chun taighde, nuálaíocht agus oideachas agus forbairt scileanna a fheabhsú, Aontas Coigiltis agus Infheistíochta (Aontas na Margaí Caipitil athbhrandáilte) a chur i gcrích chun coigilteas príobháideach Eorpach a choinneáil agus acmhainní breise a mhealladh ón gcoigríoch, creat rialachais athbhreithnithe do státchabhair, bearta chun aghaidh a thabhairt ar ilroinnt chánach, agus úsáid níos straitéisí a bhaint as soláthar poiblí.

Ina theannta sin, leagtar béim sa tuarascáil ar a thábhachtaí atá FBManna don Mhargadh Aonair, agus moltar inti Cód an Aontais maidir le Dlí Gnó, lena gcuirfí an 28ú córas ar fáil do ghnólachtaí chun feidhmiú laistigh den Mhargadh Aonair agus ina mbeadh códú córasach ar chreat dlíthiúil an Aontais atá ann cheana agus á chomhlánú le huirlisí Eorpacha nua. Bheadh gnéithe den dlí fostaíochta i gcóras den sórt sin freisin. Iarrtar sa tuarascáil freisin deireadh a chur le bacainní ar sholáthar sealadach trasteorann seirbhísí.

Tá go leor tograí maidir leis an margadh saothair agus an réimse sóisialta i dtuarascáil Letta. Tugtar tús áite inti don 'saoirse fanachta', a chomhlánaíonn an 'tsaoirse gluaiseachta': 'Tá luach tábhachtach ag baint leis an tsaorghluaiseacht, ach ba cheart é a bheith ina rogha, ní ina riachtanas.' Tá gá, dá bhrí sin, le beartais chun na míchothromaíochtaí réigiúnacha a ghleic, lena n-áirítear trí bheartas comhtháthaithe láidir agus ionstraimí cistiúcháin eile agus cúnamh teicniúil a sholáthar do na réigiúin nach bhfuil borradh fúthu, atá ag meath agus/nó atá thíos le himirce daoine oilte agus dídhaonrú. Thairis sin, iarrtar sa tuarascáil go gcuirfí sásraí tacaíochta ar bun do shaoránaigh den Aontas atá ag filleadh ar a dtír dúchais tar éis dóibh a bheith ag obair thar lear agus moltar inti córas speisialta de chuid an Aontais a thabhairt isteach d'oibrithe digiteacha trasteorann.

Tugtar faoi deara sa tuarascáil 'gur fadhb mhór í an inacmhainneacht tithíochta, rud a chuireann an tsaoirse fanacht i limistéir ghlactha i mbaol freisin, ní hamháin sna limistéir a bhfuil an dídhaonrú ina fhadhb iontu. Is iomaí cathair agus réigiún san Aontas a bhfuil an ganntanas mór tithíochta inacmhainne ag bagairt orthu.' Moltar athbhreithniú sa tuarascáil ar dhearadh agus ar chur chun feidhme ionstraimí agus bheartais an Aontais a bhfuil tionchar díreach nó indíreach acu ar na margaí náisiúnta tithíochta, agus moltar go mbunófaí Tascfhórsa ar inacmhainneacht tithíochta.

Chun soghluaisteacht an lucht saothair a éascú a thuilleadh, molann Letta bacainní a laghdú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: an córas aitheantais uathoibríoch do cháilíochtaí gairmiúla a leathnú, athbhreithniú a dhéanamh ar an ngá atá leis an rialáil ghairmiúil agus ar mhéid na rialála sin, agus aitheantas cáilíochtaí acadúla a éascú agus dlús a chur faoin tsoghluaisteacht foghlama. Ina theannta sin, iarrtar sa tuarascáil go bhfeabhsófaí comhordú na slándála sóisialta agus go ndéanfaí tuilleadh digiteála, ó rud é gur mór an acmhainneacht atá ag an digiteáil maidir leis an tsoghluaisteacht chóir a chur chun cinn agus nósanna imeachta a shimpliú. Moltar sa tuarascáil, dá bhrí sin, go gcuirfeadh na Ballstáit uile an córas 'Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialta' (EESSI) chun feidhme ina iomláine agus go nglacfaidís páirt i ngníomhaíochtaí píolótacha ESSPASS maidir le doiciméid iniompartha a dhigitiú, lena n-áirítear an Cárta Eorpach um Árachas Sláinte.

Moltar sa tuarascáil freisin comhleanúnachas níos fearr a áirithiú agus Treoir leasaithe an Aontais maidir le hOibrithe ar Postú á cur chun feidhme chun an t-ualach riaracháin a laghdú, chun bogadh i dtreo formáid leictreonach aonair le haghaidh dearbhuithe maidir le postú, agus chun an creat dlíthiúil a shoiléiriú maidir le náisiúnaigh tríú tír a phostú, lena n-áirítear iad siúd a oibríonn trí ghníomhaireachtaí oibre sealadaí nó a earcaítear trí idirghabhálaithe[5]. Iarrann Letta freisin go neartófaí an tÚdarás Eorpach Saothair trí na moltaí sa tuarascáil ó Uachtaránacht na Beilge dar teideal *Fair mobility in the EU and the role of the European Labour Authority* [Soghluaisteacht chóir san Aontas agus ról an Údaráis Eorpaigh Saothair][6] a fhormhuiniú. Ar bhonn níos ginearálta, molann Letta cleachtais fochonraitheoireachta a rialáil chun dúshaothrú a chosc agus comhlíonadh na gcaighdeán saothair agus sábháilteachta a áirithiú.

I réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair, iarrtar sa tuarascáil go mbeadh rialacha níos ceangailtí ann maidir leis an meabhairshláinte, lena n-áirítear strus agus traochadh, agus na rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide, bunaithe ar threoirlínte na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA)[7]. Moltar inti tús áite a thabhairt do bhailiú staidrimh mhionsonraithe, go háirithe maidir le minicíocht agus déine na dteagmhas a bhaineann le hoibrithe ar postú agus oibrithe taistil, chun beartais sábháilteachta fhianaise-bhunaithe a cheapadh. Iarrtar inti freisin go dtabharfaí isteach treoirlínte soláthair lena bhféadfaí tosaíocht a thabhairt do chonraitheoirí a chomhlíonann na caighdeáin sláinte agus sábháilteachta ceirde agus atá i gcomhréir le clásail freagrachta sóisialta.

---

[5] I gcomhréir le mír 20 de Dhearbhú La Hulpe.
[6] https://werk.belgie.be/sites/default/files/content/news/report_ela_eu2024be_0.pdf.
[7] I gcomhréir le mír 24 de Dhearbhú *La Hulpe*.

Ar bhonn níos ginearálta, moltar sa tuarascáil athléimneacht sláinte a neartú, lena n-áirítear trí reachtaíocht chuíchóirithe maidir le trialacha cliniciúla. Cuirtear in iúl inti freisin go gcruthaíonn aosú an daonra agus géarú fioscach dúshláin shuntasacha do chóras cúraim sláinte an Aontais, dúshláin a mbíonn tionchar acu ar réimse an tsoláthair agus ar réimse an éilimh araon de sheirbhísí cúraim sláinte. Cuirtear chun cinn sa tuarascáil go bhfuil gá le níos mó saoráidí cúraim fhadtéarmaigh, seirbhísí cúraim baile, agus gairmithe speisialaithe cúraim sláinte atá oilte chun déileáil le riachtanais uathúla na n-othar scothaosta.

I gcomhréir le Dearbhú Val Duchesse[8], aithnítear sa tuarascáil ról bunúsach an idirphlé shóisialta in ailtireacht an Aontais agus iarrtar go ndéanfaí an Treoir maidir le Pá Íosta a thrasuí go huaillmhianach, agus go ndéanfaí an Moladh ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas agus an Comhshocrú don Idirphlé Sóisialta Eorpach a bheidh ann amach anseo a leabú sa chleachtas náisiúnta. Tugtar faoi deara sa tuarascáil freisin nach mór do na rialacha lena rialaítear an Margadh Aonair spás a fhágáil don chómhargáil agus do struchtúir na hionadaíochta áitiúla.

Moltar sa tuarascáil freisin na dálaí cearta a chruthú do ghníomhaithe an gheilleagair shóisialta chun oibriú ar an Margadh Aonair trína rochtain ar mhaoiniú a éascú[9]. Moltar ann an Rialachán Ginearálta maidir le Blocdhíolúine ar státchabhair a chur in oiriúint d'fhiontair shóisialta, athmheasúnú a dhéanamh ar na rialacha maidir le cabhair chun oibrithe faoi mhíbhuntáiste a earcú, agus úsáid straitéiseach an tsoláthair phoiblí a cheadú chun tacú leis an ngeilleagar sóisialta.

Iarrann Enrico Letta freisin go ndéanfaí infheistíocht leanúnach agus cur chuige struchtúrtha i leith seirbhísí leasa ghinearálta chun a ráthú gur féidir le saoránaigh a gcearta agus a saoirsí bunúsacha a fheidhmiú, agus molann sé Plean Gníomhaíochta a chruthú le haghaidh Seirbhísí Leasa Ghinearálta ar ardchaighdeán[10]. Níor cheart beag is fiú a dhéanamh de thábhacht na seirbhísí sin: ar bhonn na modheolaíochta a úsáideadh i staidéar a rinne Cambridge Econometrics[11] roimhe sin, mheas Oifig Pleanála Cónaidhme na Beilge[12] gurb ionann Seirbhísí Leasa Ghinearálta san Aontas agus 28.4 % den bhreisluach iomlán (EUR 3721 bhilliún), 31.3 % den fhostaíocht iomlán (65.2 milliún oibrí) agus 19.7 % den infheistíocht iomlán (EUR 632.6 billiún).

---

[8] Dearbhú trípháirteach maidir le hidirphlé sóisialta Eorpach bisiúil: https://ec.europa.eu/social/BlobServlet?docId=27309&langId=en
[9] Féach freisin mír 23 de Dhearbhú La Hulpe.
[10] Féach freisin mír 31 de Dhearbhú La Hulpe.
[11] *Mapping evolutions in Public Services in Europe: towards increased knowledge of industrial relations* [Éabhlóidí i Seirbhísí Poiblí san Aontas a mhapáil: i dtreo níos mó eolais faoin gcaidreamh tionsclaíoch] (Bealtaine 2013).
[12] *Statistical update on Services of General Interest (SGIs)* [Nuashonrú staidrimh maidir le Seirbhísí Leasa Ghinearálta]: https://www.plan.be/uploaded/documents/202405230930470.REPORT_update_statistics_SGIs_13006.pdf.

**Gnéithe rialachais**

Tá go leor moltaí sa tuarascáil freisin atá dírithe ar rialachas agus atá fíor-ábhartha don lucht ceaptha beartas sa réimse fostaíochta agus sóisialta. Tugtar faoi deara inti gur gá spásanna sonraí Eorpacha i bpríomhearnálacha a fhorbairt chun comhroinnt agus úsáid sonraí a chur chun cinn ar mhaithe leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí. Iarrtar inti go ndéanfaí an chibearshlándáil a neartú trí rialacháin, caighdeáin agus cleachtais lena gcosnaítear bonneagar criticiúil agus sonraí na saoránach. Cé nach bhfuil aon tagairt dhíreach ann don réimse sóisialta (i gcodarsnacht leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte), tá an iarraidh sin i gcomhréir go mór leis na conclúidí atá beartaithe maidir le ról an mhargaidh saothair, scileanna agus athchóirithe sóisialta agus infheistíochtaí i gcomhair geilleagair athléimneacha, a bhaineann le rochtain ar shonraí riaracháin a fheabhsú chun críoch meastóireachta beartais agus measúnaithe tionchair agus cosaint sonraí pearsanta á háirithiú ag an am céanna.

Chun an ceapadh beartas fianaise-bhunaithe a fheabhsú a thuilleadh agus chun riaracháin phoiblí éifeachtúla a chothú, moltar i dtuarascáil Letta feabhas a chur ar an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, lena gcuirtear saineolas saincheaptha ar fáil chun tacú le hathchóiriú agus nuachóiriú riarachán poiblí ar gach leibhéal, rud a chuirfidh ar a gcumas reachtaíocht an Aontais agus tosaíochtaí an Aontais a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr. Moltar sa tuarascáil digiteáil agus nuachóiriú bainistíochta a chur chun cinn sna riaracháin phoiblí chun oiriúnú go héifeachtach don aistriú digiteach agus don aistriú glas, agus moltar saoráid nua – Comhshocrú lena bhfeabhsófar comhar agus saineolas na riarachán Eorpach (PEACE) – chun cur ar chumas riarachán poiblí déileáil níos fearr le suaití amach anseo. Cé nár luadh sa tuarascáil é, is cosúil go bhféadfadh an comhar seanbhunaithe laistigh de Líonra Eorpach na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (Líonra na SPFanna) a bheith ina fhoinse inspioráide ina leith sin. Chun comhar trasteorann idir riaracháin a chothú, molann Letta freisin bunús dlí AE a thabhairt do SOLVIT agus cobhsaíocht oibríochtúil agus nósanna imeachta aonfhoirmeacha a áirithiú.

I bhfianaise an mhéadaithe atá le teacht ar an Aontas, moltar i dtuarascáil Enrico Letta cead a thabhairt do thíortha is iarrthóirí tairbhe a bhaint as an Margadh Aonair i réimsí inar féidir leo a bheith réidh go tapa chun an *acquis* a chomhlíonadh, agus cobhsaíocht a ngeilleagar agus an Mhargaidh Aonair araon á gcosaint ag an am céanna agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá comhtháthú polaitiúil bunaithe ar luachanna comhroinnte. Molann Letta freisin cabhrú leis na tíortha is iarrthóirí cumas riaracháin agus institiúideach a fhorbairt chun cistí an Aontais a ghlacadh agus a úsáid ar an mbealach is fearr, agus iarrann sé go ndéanfaí na tíortha is iarrthóirí a chomhtháthú de réir a chéile i struchtúir an Aontais chun naisc níos láidre a chothú idir iad agus na Ballstáit, chun go mothóidh siad go bhfuil meas orthu, agus chun mothúcháin de chomhphobal roinnte de chuid an Aontais a chothú. Ar deireadh, molann Letta córas láidir de chlásail choimirce, idirthréimhsí agus uirlisí eile a cheapadh chun éifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag comhtháthú an Mhargaidh Aonair ar an dá thaobh a chosc agus a mhaolú. Is léir go mbaineann sin le réimse na fostaíochta agus na ngnóthaí sóisialta, réimse inar cheart ceachtanna a fhoghlaim ón taithí a fuarthas ó mhéaduithe a rinneadh roimhe seo.

**I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar na hairí aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas:**

1. *Cad é do mheas ar na tograí i dtuarascáil Letta a bhaineann le beartais fostaíochta, scileanna agus sóisialta, agus lena rialachas?*
2. *Cé acu de na moltaí sa tuarascáil ar cheart dul i ngleic leo mar ábhar tosaíochta? Cad iad na gnéithe eile a bhaineann leis an gclár oibre fostaíochta, sóisialta agus comhionannais is ábhartha, dar leat, ó thaobh Margadh Aonair atá inbhuanaithe agus cuimsitheach de?*